Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6733/21**

**SOC 115**
**EMPL 77**
**SAN 111**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, don Ostair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, don Ostair.

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach

den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinntí uaithi an 12 Márta 2019[2], an 15 Aibreán 2019[3], an 14 Bealtaine 2019[4], an 27 Bealtaine 2019[5] agus an 8 Iúil 2019[6], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2022.

(2) Tá suíochán mar chomhalta malartach i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Pia Maria ROSNER-SCHEIBENGRAF as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hOstaire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[2] IO C 100, 15.3.2019, lch. 1.
[3] IO C 142, 23.4.2019, lch. 20.
[4] IO C 167, 16.5.2019, lch. 2.
[5] IO C 185, 29.5.2019, lch. 3.
[6] IO C 232, 10.7.2019, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Christa SCHWENG ina comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Pia Maria ROSNER-SCHEIBENGRAF, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán